



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Samhain 2016
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0365 (COD)

14835/16
ADD 3

EF 360
ECOFIN 1116
CODEC 1735

NÓTA CLÚDAIGH

Ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Samhain 2016
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2016) 369 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus Rialachán (AE) 2015/2365

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 369 final.

Faoi iamh: SWD(2016) 369 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2016
SWD(2016) 369 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena
leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus
Rialachán (AE) 2015/2365**

{COM(2016) 856 final}
{SWD(2016) 368 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar thogra maidir le creat chun téarnamh agus réiteach ordúil contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) a áirithiú

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cad é an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

D'fhéadfadh cliseadh institiúide airgeadais éifeacht ghabhála a bheith aige ar institiúidí eile go háirithe i gcás ina mbíonn gnáthimeachtaí dócmhainneachta ina mbagairt ar chobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine. Sna cásanna sin, féadfar iallach a chur ar an stát an institiúid a tharrtháil trí úsáid a bhaint as airgead cáiníocóirí, toisc go bhféadfadh géarchéim córasach a bheith ina toradh ar neamhghníomh Stáit agus go gciallódh sin caillteanais ollmhóra don gheilleagar. Bhí gá ann le déanaí idirghabháil Stáit a dhéanamh, ar chostas an chainíocóra, chun roinnt mhaith banc a tharrtháil féachaint géarchéim chórasach den chineál sin a mhaolú. Agus mar fhreagairt air sin, rinneadh rialáil stuamachta an Aontais Eorpaigh a neartú go mór agus, rud is tábhachtaí, bunaíodh creat nua – an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (TTRB) – lena gcumhachtaítear d'údaráis ábhartha cliseadh ordúil bainc a áirithiú. Ceanglaítear leis ar na bainc ullmhúchán níos éifeachtaí a dhéanamh chun anás airgeadais a bhainistiú, foráiltear leis do na húdaráis inniúla cumhachtaí idirghabháil a dhéanamh ar bhanc a bhfuil ag cliseadh air nó ar dócha go gclisfidh air, bunaítear leis tacar coiteann d'uirlisí réitigh chun cliseadh a bhainistiú agus leithdháiltear aon chaillteanais airgeadais ar gheallsealbhoirí de chuid an bhainc. Cuidíonn TTRB, ar an gcaoi sin, le húdaráis phoiblí banc, a bhfuil ag cliseadh air nó ar dócha go gclisfidh air, a athstruchtúru agus an costas ar an gcáiníocóir a íosmhéadú ag an am céanna.

Déanann contrapháirtí lárnach idirghabháil idir na contrapháirtithe in idirbhearta airgeadais chun a gcearta agus a n-oibleagáidí a ghlacadh agus a dhéanamh, ag feidhmiú dó i gcáil ceannaitheora i leith gach díoltóra agus i gcáil díoltóra i leith gach ceannaitheora maidir le tacar conarthaí mionsonraithe. Cé go mbíonn CPLanna níos cosanta ar chliseadh ná mar a bhíonn bainc, ní bhíonn siad slán ar fad. Tá comhdhearcadh idirnáisiúnta ann gur ceart faireachán cúramach a dhéanamh ar rioscaí airgeadais córasacha sna hinstitiúidí airgeadais go léir, agus ní sna bainc amháin, agus gur ceart aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin freisin.¹ Is léir ón ngéarchéim a bhí ann le déanaí gur ceart aon idirghabháil phoiblí le hinstitiúidí a dhéanamh go gasta agus leis an méid is lú leas a bhaint as cistí na gcáiníocóirí. Glactar leis go forleathan go bhfuil géarghá le creat téarnaimh agus réitigh do CPLanna ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá tosaíocht tugtha don obair seo ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) freisin, grúpa idirnáisiúnta ardleibhéil de rialtóirí a fheidhmíonn faoi choimirce G20 chun an tirdhreach rialála a athchóiriú tar éis na géarchéime agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Tuigtear as samhail ghnó CPLanna comhchruinnithe suntasacha riosca airgeadais, ó bhainc go príomha ós rud é gurb iad na húsáideoirí bainc is mó, agus ó ghníomhaithe airgeadais eile chomh maith. Go bunúsach is samhail thras-teorann é laistigh de mhargadh comhtháite san Aontas agus ar fud an domhain. Thairis sin, is cinnte go dtiocfaidh méadú eile fós ar thábhacht chórasach na CPLanna de thoradh an tiomantais atá ag G20 díorthaigh thar an gcuntar (TAC) a imreiteach trí CPLanna, bunrioscaí sna hionstraimí sin a aistriú ó na bainc agus iad a chomhchruinniú ar CPLanna agus a áirithiú go ndéanfar bainistiú riosca láraithe orthu. Cé gur beag an dóchúlacht go dtarlódh teagmhas den sórt sin, d'fhéadfadh cliseadh CPL, tríd an suíomh lárnach a bheadh aige sna margaí agus go háirithe trína naisc dhíreacha leis na bainc, bheith ina cúis le gabháil fhorleathan laistigh den chóras airgeadais mura ndéanfaí é a bhainistiú ar bhealach ordúil. Dá réir sin, is gá creat reachtach lena gcumhachtófar na húdaráis ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar an riosca cobhsaíochta airgeadais trí oibríochtaí CPL a athstruchtúru agus a fhoirceannadh go gasta ar bhealach ordúil i gcás cliseadh córasach a d'fhéadfadh a bheith ann. Ina theannta sin, ba cheart gur dreasacht a bheadh sna bearta reachtacha bainistiú fóna a dhéanamh ar na CPLanna agus cliant na mbanc mór a úsáideann seirbhísí imreitigh na CPLanna, agus cáiníocóirí a chosaint ar chaillteanais mhóra i gcás réitigh.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

D'áiríteofaí leis an reachtaíocht nua gur fearr a bheadh CPLanna ullamh téarnamh i ndiaidh anás airgeadais agus thabharfaí cumhachtaí nua do na húdaráis iomchuí chun téarnamh a dhéanamh ar CPLanna, a bhfuil ag cliseadh orthu nó ar dócha go gclisfidh orthu, nó iad a réiteach go gasta, chun a bhfeidhmeanna criticiúla a chaomhnú agus a n-oibríochtaí eile a bhfoirceannadh. Cé go bhfuil feabhas mór á chur cheana féin ar fheidhmiú CPLanna² le Rialúchán an Aontais ar an mbainistiú stuamachta, chuideodh an tionscadal seo le feabhas breise a chur ar an gcobhsaíocht airgeadais trí uirlisí a dhearadh agus a chomhchuihiú chun géarchéimeanna a chosc agus a réiteach ar fud an Aontais. Tabharfar aird chuí ar shainiúlacht na CPLanna agus an chreata

¹ Féach mar shampla an litir ó Chathaoirleach an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais chuig Airí Airgeadais agus Gobharnóirí Banc Ceannais G20: "Athchóirithe Airgeadais – An Clár Oibre Iar-Ghéarchéime a thabhairt chun Críche agus Dul chun Cinn a dhéanamh" (Feabhra 2015).

<http://www.financialstabilityboard.org/wp-content/uploads/FSB-Chair-letter-to-G20-February-2015.pdf>

² Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ("EMIR").

rialála atá ann cheana nuair a bheidh uirlisí den chineál sin á ndearadh ionas go seachnófar an dúbailt agus go n-áiritheofar an chomhréireacht.
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?
Tá margaí airgeadais an Aontais Eorpaigh an-chomhtháite. Cuireann CPLanna a seirbhísí ar fáil thar theorainneacha agus, dá réir sin, dá gcliseadh ar CPL thuigfí as sin go mbeadh éifeachtaí iarmhartacha sna Ballstáit. Léirítear go soiléir leis an ilroinnt a tharla i Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh le linn an ghéarchéim le déanaí an baol a bhaineann le brath go heisiach ar réimis náisiúnta dibhéirseacha chun bainistiú a dhéanamh ar chliseadh institiúidí airgeadais lena mbaineann impleachtaí tras-teorann. Dá bhrí sin, d'áiritheofaí le creat Eorpach le haghaidh téarnamh agus réiteach CPLanna go ndéanfaí géarchéimeanna a bhainistiú níos éifeachtaí agus go laghdófaí ilroinnt sa mhargadh. Dhéanfaí leis sin gníomhartha a chur i gcrích ar bhonn comhordaithe ar fud na mBallstát, cothroime iomaíochta a chur ar fáil do na hinstiúidí i gceist, agus cóir chomhionann dá n-úinéirí, creidiúnaithe agus custaiméirí. Ar an gcaoi sin, chuirfí feabhas freisin ar rialacha stuamachta an Aontais agus na rialacha stuamachta náisiúnta le creat téarnaimh agus réitigh an Aontais.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachta a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?
Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gcreat téarnaimh agus réitigh do CPLanna údarás poiblí a dhéanadh bearta urghnácha ar mhaithe le leas an phobail, trína bhféadfaí, b'fhéidir, gnáthchearta maoinne a sháru agus caillteanais a leithdháileadh ar gheallsealbhóirí sonracha. Dá réir sin, beidh tosaíocht ag céadroghanna beartais reachtaigh de rogha ar bhearta "reachtaíochta boige".
Cé atá i bhfách le cén rogha?
Ar bhonn aiseolas a fuarthas ó gheallsealbhóirí trí chomhairliúchán poiblí a rinne an Coimisiún agus caibidlíocht idirnáisiúnta faoi choimirce FSB, tá comhdhearcadh forleathan laistigh den tionscal agus i measc na n-údarás gur ceart gach CPL a bheith faoi réir creata lena gcumasaítear a théarnamh ordúil agus a réiteach féideartha i gcás móranas airgeadais. Mar sin féin, bíonn tosaíochta dibhéirseacha ag geallsealbhóirí as measc na gcéadroghanna leithdháilte caillteanais (6.6), ag brath ar an difear a dhéanadh na céadroghanna sin dóibh.
C. Tionchair rogha na tosaíochta
Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?
Murab ionann agus an earnáil bhaincéireachta, ní raibh fadhbanna móra ag CPLanna i rith na géarchéime a bhí ann le déanaí. Dá bharr sin, is lú an méid fianaise eimpíirí atá ann chun an tairbhe a dhéanadh creat téarnaimh agus réitigh de chuid an Aontais do CPLanna a chainníochtú. Mar sin féin, tugtar le tuiscint ó oibríochtaí tras-teorann agus ó chomhchruinniú riosca CPLanna móra go bhféadfaí gur mó impleachtaí cliste mhí-ordúil don chobhsaíocht airgeadais ná i gcás banc a bhfuil tábhacht chórasach ag baint leis. Ina theannta sin, tiocfaidh méadú substaintiúil ar an gcomhchruinniú riosca i CPLanna mar thoradh ar thiomantas G20 rioscaí do rannpháirtithe in idirbhearta díorthach déthaobhacha sa mhargadh a mhaolú trí éileamh orthu idirbhearta caighdeánacha a imréiteach trí CPLanna. Ba cheart go laghdófaí le planáil géarchéime níos fearr laistigh de CPLanna agus le cumhachtaí d'údaráis uirlisí caighdeánacha a úsáid chun idirghabháil a dhéanamh, ba cheart go laghdófaí an riosca go gclisfeadh go tubaisteach ar CPL, rud a d'éileodh gan aon amhras nach mór go ndéanadh an Stát tarrtháil ar chostas suntasach ar an gcáiníocóir. Rachadh an t-ionchas go ndéanfaí téarnamh agus réiteach níos ordúla ar CPL chun tairbhe na hearnála airgeadais ar bhonn níos ginearálta, trí bhainistiú riosca níos fearr laistigh den CPL agus neamhchosaintí bainc ar an CPL a dhreasú.
Cad iad costais rogha na tosaíochta (más ann do rogha na tosaíochta, murab ann di cad iad na príomhchostais)?
Beidh na costais láithreacha i leith CPLanna i bhfoirm ceanglas maidir le planáil níos fearr agus cosc ar chliseadh go príomha. Beidh siad sin éagsúil de réir mhéid, nascacht, inionadaitheacht agus chastacht an CPL agus cuimseofar leo costais acmhainní daonna, táillí comhairliúcháin agus dlí is infheidhme, uasghráduithe córas agus costais atheagrúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann. De réir na gcostas comhfhreagrach ar bhainc, meastar na héilimh a bheith ina milliúin ar na hinstiúidí is mó agus ina mílte ar na heintitis níos lú. Ba cheart, tríd is tríd, go mbeadh ollchostais láithreacha níos lú ag teacht leis an líon CPLanna níos lú atá faoi réir na gceanglas seo agus leis an leibhéal castachta eagraíochtúla níos ísle i gcomparáid le bainc. Mar chuid de mheasúnú agus d'éascú inréititheacht CPLanna, d'fhéadfadh údaráis ceangal a cur ar roinnt díobh a gclár comhardaithe a neartú nó a struchtúir eagraíochtúla a shruthlíniú, ach ní bheadh sa mhéid sin ach cásanna <i>ad hoc</i> agus ní bheidís infheidhme leis an earnáil iomlán.
Cén difear a dhéanfar do ghnóilachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?
Tagann CPLanna uile an Aontais faoi raon feidhme an mheasúnú tionchair seo. I dtéarmaí glantionchair indíreacha, táthar ag súil go mbainfidh FBManna agus gnóilachtaí eile tairbhe as daingniú foriomlán ar an

gcobhsaíocht airgeadais.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Is ceann de phríomhchuspóirí na mbeart atá beartaithe buiséid náisiúnta a chosaint ar chostais tacaíocht sócmhainneachta a chur ar fáil i gcás ina gcliseann ar CPL.
An mbeidh tionchair shuntasacha eile ann?
D'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis inniúla bearta urghnácha a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail chun an baol go mbeadh cliseadh airgeadais ann a sheachaint i gcás ina bhfuil ag cliseadh ar CPL nó ar dócha go gclisfidh air. D'fhéadfadh go sáródh bearta urghnácha den chineál sin cearta maoine. Mar sin féin, ní mór do bhearta den chineál sin an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh agus ar an gcaoi sin bheith comhréireach, iarraidh luach a chaomhnú ar mhaithe leis an leas ginearálta agus gan bail a fhágáil ar na geallsealbhóirí lena mbaineann nár mheasa í ná an bhail a bheadh orthu dá rachadh an CPL faoi imeachtaí dócmhainneachta.
D. Obair leantach
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Ba cheart faireachán a dhéanamh ar a bpleananna téarnaimh ag CPLanna agus go ndéanfadh údaráis faireachán ar a gcéadroghanna réitigh tosaíochta lena áirithiú go bhfuil siad comhréireach ar bhonn leanúnach agus i bhfianaise aon athruithe ar staid an CPL agus tuilleadh forbairtí ar an margadh. D'fhéadfadh an creat ina iomláine bheith faoi réir athbhreithniú tar éis tréimhse 3-5 bliana.